Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2015
(OR. fr)

10043/15

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2011/0901B (COD)**

CODEC 896
JUR 406
COUR 24
INST 206

**NÓTA ÍTIME "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a ghlacadh (an chéad léamh)<br>- Glacadh<br>a) an tseasaimh ón gComhairle<br>b) an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 4 Aibreán 2011, chuir an Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh chun Reacht na Cúirte a leasú[1], ar iarraidh í atá bunaithe ar Airteagal 254 CFAE, an chéad mhír, Airteagal 281 CFAE, an dara mír, agus Airteagal 106a(1) CEFA, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coimisiún a thuairim uaidh an 30 Meán Fómhair 2011 [2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Aibreán 2014 [3].

[1] 8787/11.
[2] 14769/11.
[3] 8509/14.

4. Ag an gcruinniú a bhí aige, an 17 Meitheamh 2015, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe go gcomhaontaíonn sé leis an toradh sin agus chomhaontaigh sé go molfadh sé an méid seo a leanas don Chomhairle:

- an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, a leagtar amach in 9375/15 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 9375/15 ADD 1, a ghlacadh mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na Breataine ag vótáil ina choinne agus toscaireacht na Beilge agus na hÍsiltíre ag staonadh;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.